RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/367 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Samhain 2024

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teideal na n-athróg a shonrú maidir le rófhéichiúnas, tomhaltas agus saibhreas i bhfearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/29

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, staidreamh a bhunófar ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Soláthraítear le fearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála, a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (b) de Rialachán (AE) 2019/1700, an fhaisnéis a cheanglaítear leis an Seimeastar Eorpach ([2]) agus le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ([3]), go háirithe maidir le dáileadh ioncaim, leis an mbochtaineacht agus le heisiamh sóisialta. Soláthraítear leis freisin faisnéis le haghaidh beartais éagsúla eile de chuid an Aontais a bhaineann le dálaí maireachtála agus leis an mbochtaineacht.

(2) Tá ábhar an rófhéichiúnais, an tomhaltais agus an tsaibhris ríthábhachtach, go háirithe chun staidreamh a mheaitseáil idir fearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála agus fearann an tomhaltais, chun faisnéis a sholáthar maidir leis an bhfolláine ábharthach nach féidir a sholáthar ó bhailiú sonraí aonair agus lena bhféadfar bearnaí a líonadh le haghaidh ceapadh beartas. Ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, líon agus teideal na n-athróg a shonrú maidir le rófhéichiúnas, tomhaltas agus saibhreas.

(3) Chun a áirithiú go gcomhlíonfar an iarraidh bheartais ar staidreamh níos fearr maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh, tá géarghá le hathróga a bhailiú maidir le fuinneamh (foinsí fuinnimh a úsáideann na teaghlaigh agus costas fuinnimh) agus, dá bhrí sin, is gá Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/29 ([4]) ón gCoimisiún a leasú.

(4) De bhun Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2019/1700, níor cheart líon na n-athróg a bheidh le bailiú a dhul thar 5 % de líon na n-athróg a bailíodh le haghaidh fhearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach in Iarscríbhinn I líon agus teideal na n-athróg a mhéid a bhaineann le 'forfhéichiúnas, tomhaltas agus saibhreas' i bhfearann an ioncaim agus na ndálaí maireachtála.

([1]) IO L 261 I, 14.10.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1700/oj.
([2]) Is é an Seimeastar Eorpach creat an Aontais Eorpaigh chun beartais eacnamaíocha agus shóisialta a chomhordú agus chun faireachas a dhéanamh orthu.
([3]) IO C 428, 13.12.2017, lch. 10.
([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/29 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí uimhir agus teideal na n-athróg a shonrú i réimse an ioncaim agus na ndálaí maireachtála maidir le Margadh an tsaothair agus leis an tithíocht, Tarchur buntáistí agus míbhuntáistí o ghlúin go glúin, Deacrachtaí tithíochta, agus ábhar *ad hoc* 2023 i dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh an teaghlaigh (IO L 7, 12.1.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/29/oj).

Airteagal 2

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/29 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Líon agus teidil na n-athróg don mhodúl sé bliana maidir le rófhéichiúnas, tomhaltas agus saibhreas i réimse an ioncaim agus na ndálaí maireachtála.

Tacar athróg	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige
Rófhéichiúnas, tomhaltas agus saibhreas	Rófhéichiúnas, lena n-áirítear cúiseanna (14 athróg a bailíodh)	HI022	Riaráistí ar bhillí neamhthithíochta
		HI090	An líon iasachtaí (seachas morgáistí, chun príomháit chónaithe a cheannach)
		HI101	Iasachtaí ar réadmhaoin (lena n-áirítear troscán tí, fearais agus maisiú inmheánach agus seachas morgáistí, chun príomháit chónaithe a cheannach)
		HI102	Iasachtaí le haghaidh gluaisteáin, gluaisrothair, carbháin, veain, rothair nó modhanna eile iompair
		HI103	Iasachtaí le haghaidh cúram sláinte
		HI104	Iasachtaí le haghaidh oideachais
		HI105	Iasachtaí chun speansais laethúla a chumhdach
		HI106	Iasachtaí le haghaidh cuspóirí eile (seachas morgáistí, chun príomháit chónaithe a cheannach)
		HI120	An méid atá dlite ar iasachtaí ón mí seo caite (gan morgáistí ar cheannach príomháite cónaithe san áireamh)
		HI111	Iasachtaí (seachas morgáistí, chun príomháit chónaithe a cheannach) a thógtar ó bhanc nó ó institiúid airgeadais eile (amhail comhar creidmheasa, soláthraí micrichreidmheasa)
		HI112	Iasachtaí (seachas morgáistí chun príomháit chónaithe a cheannach) a thógtar ó chuideachta iasachta go lá pá nó ó gheallbhróicéir/ tiontaire airgid thirim
		HI113	Iasachtaí (seachas morgáistí chun príomháit chónaithe a cheannach) a thógtar ó fhoinsí príobháideacha (amhail teaghlach, cairde)
		HI114	Iasachtaí (seachas morgáistí chun príomháit chónaithe a cheannach) a ghlactar trí úsáid a bhaint as 'ceannaigh anois, íoc níos déanaí' nó creidmheas i siopa/ fruilcheannach iasachta ón díoltóir féin
		HI115	Iasachtaí (seachas morgáistí chun príomháit chónaithe a cheannach) a thógtar ó fhoinsí eile

Tacar athróg	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige
	Tomhaltas (5 athróg a bailíodh)	HC310	Bia nó deoch sa bhaile
		HC320	Bia nó deoch taobh amuigh den bhaile
		HC330	Iompar poiblí
		HC340	Iompar príobháideach
		HC350	Coigilteas (i ngnáth-mhí)
	Saibhreas, lena n-áirítear úinéireacht teaghaise (4 athróg a bailíodh)	HV010	Luach na príomháite cónaithe
		HV070	Iomlán atá fágtha le haisíoc ar an morgáiste ar an bpríomháit chónaithe
		HV020	Sealbhú réadmhaoine seachas an phríomháit chónaithe
		HV080	An cumas an caighdeán maireachtála céanna a choinneáil ar bun trí choigilteas a úsáid
	Measúnú ar a riachtanais féin (1 athróg a bailíodh)	HS130	Ioncam míosúil is ísle chun caitheamh agus fáil a bheith ag duine

IARSCRÍBHINN II

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/29, cuirtear an tacar athróg seo a leanas in ionad an tacair d'athróga maidir le Margadh an tsaothair agus leis an tithíocht:

'Tacar athróg	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige
Margadh an tsaothair agus an tithíocht	Saintréithe an ionaid oibre (4 athróg a bailíodh)	PL230	An earnáil fostaíochta phoiblí/ phríobháideach
		PW100	Sástacht leis an bpost
		PL260	Na gnáthuaireanta oibre in aghaidh na seachtaine
		PL130	Méid an aonaid áitiúil le haghaidh an phríomhphoist
	Stádas fostaíochta (2 athróg a bailíodh)	PL120	An chúis ar oibríodh níos lú ná 30 uair an chloig
		PL280	An méid ama a cláraíodh mar dhuine dífhostaithe
	Gnóthachtáil oideachais – mionsonraí, lena n-áirítear oideachas a stopadh nó a tréigeadh (2 athróg a bailíodh)	PE030	Bliain inar cuireadh an leibhéil oideachais is airde i gcrích go rathúil
		PE050	Oideachas a stopadh nó a tréigeadh
	Mionsonraí maidir le dálaí tithíochta, lena n-áirítear díothacht agus cíos barúlach (14 athróg a bailíodh: 12 athróg éigeantacha, 2 athróg roghnacha)	HS160	Fadhbanna leis an teaghais: ródhorcha, gan a dhóthain solais
		HS170	Torann ó na comharsana nó ón tsráid
		HC020	Achar na teaghaise i méadair chearnacha
		HC001	Córas téimh a úsáidtear
		HC002	Príomhfhoinse fuinnimh
		HC007	Costas iomlán fuinnimh
		HC080	Sástacht fhoriomlán leis an teaghais
		HY030	Cíos barúlach
		HH040	Díon silteach, ballaí/urláir/ bunsraith atá tais, nó lobhadh i bhfrámaí fuinneoige nó san urlár
		HS140	An t-ualach airgeadais maidir le costas iomlán na tithíochta
		HS180	Truailliú, salachar nó fadhbanna eile a bhaineann leis an timpeallacht
		HS190	An choireacht, an foréigean nó an loitiméireacht sa cheantar
		HH081	Folcadán nó cithfholcadán sa teaghais (ROGHNACH)
		HH091	Leithreas laistigh is féidir a shruthlú le húsáid ag an teaghlach agus ag an teaghlach amháin (ROGHNACH)'